Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11955/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0172(NLE)**

SCH-EVAL 106
ENFOPOL 431
COMIX 397

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11954/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar **Éirinn** i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a ghlacadh lena mbunaítear meicníocht um meastóireacht agus faireachán chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar Éirinn in 2021 d'fhonn na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh lena mbeartaítear aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh Éire na coinníollacha uile is gá maidir leis na rialacha Schengen a bhaineann le comhar póilíneachta a chur i bhfeidhm.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 19 Iúil 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11954/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.